An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

# MO GHUTH, MO ROGHA: AR MHAITHE LE GINMHILLEADH SÁBHÁILTE INROCHTANA

**Mar cheann de phríomhionstraim dhaonlathas rannpháirtíochta an Aontais, cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ar a gcumas do na saoránaigh a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach gníomhartha dlí a mholadh i réimsí a thagann faoi inniúlacht an Aontais. Ó seoladh é, tá guth níos láidre tugtha ag an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh do mhuintir na hEorpa maidir le beartais an Aontais a mhúnlú, idir chosaint an chomhshaoil agus an ceartas sóisialta.**

**Is cuid den phróiseas daonlathach sin é an tionscnamh 'Mo Ghuth, Mo Rogha: Ar Mhaithe le Ginmhilleadh Sábháilte Inrochtana', tionscnamh a chuireann éileamh na saoránach ar chúram sláinte atáirgthe sábháilte ar fud na hEorpa i dtábhacht, rud atá i gcomhréir le luachanna an Aontais maidir leis an gcomhionannas, le dínit an duine agus leis an tsláinte a chosaint.**

## CAD IAD SPRIOCANNA AN TIONSCNAIMH?

Féachann an tionscnamh seo le feabhas a chur ar rochtain ar **sheirbhísí ginmhillte sábháilte agus dlíthiúla** do mhná san Eoraip nach bhfuil an rochtain sin acu faoi láthair. Iarann sé ar an gCoimisiún **tacaíocht airgeadais** a thabhairt do na Ballstáit a d'fhágfadh go mbeidís in ann foirceannadh sábháilte toircheas a chur ar fáil, i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, d'aon duine san Eoraip nach bhfuil rochtain aici go fóill ar ghinmhilleadh sábháilte dleathach, trí **scéim a bhfuil an rogha ann a bheith páirteach inti agus atá bunaithe ar an dlúthpháirtíocht**, sa chaoi gur féidir leis na Ballstáit páirt a ghlacadh go deonach.

Ní fhéachann an tionscnamh le dlíthe ginmhillte náisiúnta a chomhchuibhiú. Ina ionad sin, braitheann sé ar **inniúlacht tacaíochta an Aontais sa tsláinte phoiblí**, agus tá sé d'aidhm aige gníomhaíochtaí na mBallstát a chomhlánú agus creataí dlíthiúla náisiúnta á n urramú aige.

## RANNPHÁIRTEACHAS

Bhailigh an tionscnamh seo **1 124 513 ráiteas tacaíochta bhailí** ó shaoránaigh ar fud an Aontais, agus sroicheadh na tairseacha náisiúnta is gá i **19 dtír.**



**#EUTakeTheInitiative**

**citizens-initiative.europa.eu**

## FREAGRA AN CHOIMISIÚIN AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh go foirmiúil lena scrúdú an 1 Meán Fómhair 2025. Thug an Coimisiún a fhreagra oifigiúil an 26 Feabhra 2026, ina luaitear an méid seo a leanas:

Tar éis dó anailís chúramach a dhéanamh ar an tionscnamh agus ag féachaint do theorainneacha Chonarthaí an Aontais ar inniúlacht an Aontais i réimse na sláinte poiblí, cuireann an Coimisiún i dtábhacht gur féidir leis na Ballstáit brath ar ionstraimí an Aontais atá ann cheana chun feabhas a chur ar rochtain chomhionann ar sheirbhísí cúraim sláinte atá ar fáil go dleathach agus atá inacmhainne, seirbhísí ginmhillte sábháilte san áireamh.

Is féidir an tacaíocht sin ón Aontas a chur ar fáil trí **chlár Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+)**, i gcás inar mian leis na Ballstáit, go deonach agus i gcomhréir lena ndlíthe náisiúnta, tacaíocht den sórt sin a sholáthar, go háirithe trí úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil faoina gclár CSE+ nó trí na hacmhainní sin a ath-leithdháileadh. D’fhéadfaí CSE+ a úsáid chun feabhas a chur ar an rochtain ar sheirbhísí ginmhillte inacmhainne sábháilte atá ar fáil go dlíthiúil do mhná torracha. Is féidir le CSE+ tacú le hiarrachtaí na mBallstát sin, agus neamhspleáchas á thabhairt dóibh ag an am céanna chun a chinneadh conas a sholáthrófar rochtain ar ghinmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil agus cé na coinníollacha faoina soláthrófar í.

Ós rud é gur féidir leis na Ballstáit atá toilteanach tacaíocht ón Aontas a chur ar fáil go measartha tapa cheana féin faoi hionstraimí atá ann cheana, ní gá ionstraim dlí nua a mholadh.

## DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

**An 23 Feabhra 2024** D’iarr eagraithe go gclárófaí an tionscnamh

**An 10 Aibreán 2024** Cláraíodh an tionscnamh

**24 Aibreán 2024 go dtí an 24 Aibreán 2025** Bailiú na sínithe

**An 1 Meán Fómhair 2025** Cuireadh an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin

**An 1 Deireadh Fómhair 2025** Bhuail eagraithe an tionscnaimh leis an gCoimisinéir Hadja Lahbib agus le hoifigigh an Choimisiúin

**An 2 Nollaig 2025** Reáchtáladh éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa

**16-17 Nollaig 2025** Díospóireacht iomlánach agus glacadh rúin i bParlaimint na hEorpa

**An 26 Feabhra 2026** Thug an Coimisiún freagra oifigiúil

Cruinniú leantach le heagraithe an tionscnaimh

**Tá an t eolas is déanaí ón Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le fáil anseo**

**Is féidir féachaint ar scéalta ratha eile i bhFóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh anseo**

© An tAontas Eorpach, 2026. (cc)

PDF ISBN 978-92-68-37465-8 doi:10.2792/7735468 KA-01-26-004-GA-N
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026